



An
Phríomh-Oifig
Staidrimh

Central
Statistics
Office

Tuarascáil Bhliantúil 2017





An
Príomh-Oifig
Staidrimh

Central
Statistics
Office

Tuarascáil Bhliantúil 2017

Arna fhoilsiú ag
Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann,
Bealtaine 2018

Clár ábhar

Brollach ón Aire	Ich. 1
Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir	Ich. 2
Ár gCuspóirí Straitéiseacha	Ich. 4
Aguisín 1: Bearta chun Ídiú Fuinnimh a Laghdú	Ich. 17
Aguisín 2: Cairt Eagrúcháin	Ich. 18
Aguisín 3: Monatóir Tráthúlachta 2017	Ich. 19
Aguisín 4: Nóta Cleachtais Íocaíochta	Ich. 30

Brollach

ón Aire



Fearaimse fáilte roimh an chéad tuarascáil seo maidir leis an Ráiteas Straitéise 2016-2019 ina léirítear an dul chun cinn atá déanta ag an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) chun a cuid spriocanna straitéiseacha a ghnóthú le linn na bliana 2017.

Is féidir an tábhacht a bhaineann le saothar na hOifige a fheiceáil i nglacadh Rialtas na hÉireann leis an Ghealltanas maidir le Muinín as Staidreamh i mí Bealtaine 2017. Le síniú an dearbhaithe seo, thug an Rialtas athdhearbhú maidir le neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus cáilíocht na hOifige. Is bunriachtanas é go mbíonn muinín i gcáilíocht agus neamhspleáchas na staitisticí oifigiúla agus Éire ag coinneáil uirthi ag baint úsáide as an eolas agus as an léargas arna soláthar ag an Oifig chun forbairt gheilleagrach agus shóisialta a threorú. Baineann ríthábhacht le staitisticí ar ardchaighdeán chun an díospóireacht a mhúnlú agus chun feidhmiú an gheilleagair agus na sochaí a chinntiú.

Ba mhór agam freisin gur athnuaigh an Taoiseach an bhallraíocht den Bhord Náisiúnta Staidrimh sa bhliain 2017. Cuideoidh an athnuachan sin chun treo straitéiseach forleathan na hOifige a stiúradh, agus chun tosaíochtaí a bhunú d'fhorbairt na staitisticí oifigiúla trí mheán an Bhoneagair Shonraí Náisiúnta agus Córas Staidrimh na hÉireann.

Foilsíodh trí fhoilseachán déag maidir le Daonáireamh 2016 sa bhliain 2017. Soláthraítear leis na foilseacháin úd eolas agus léargas criticiúil don bheartas agus don phleanáil ar feadh na gcéad cheithre bliana eile, thar réimse leathan limistéar lena n-áirítear Dáileadh agus Gluaiseachtaí Daonra, Líonta Tí agus Teaghlaigh, Comaitéireacht in Éirinn; Sláinte, Míchumas agus Cúramóirí; agus Fostaíocht, Slite Beatha agus Tionsclaíocht. D'aontaigh Rialtas na hÉireann thiar sa bhliain 2017 leis an socrú cistithe don chéad bhabhta eile

den Daonáireamh um dhaonra agus tithíocht sa bhliain 2021.

Tá an saothar forbartha ar siúl ina leith, agus tá an Oifig tar éis tús a chur cheana féin le hathbheithniú ar an chaoi inar féidir an chéad dhaonáireamh eile a fheabhsú ach próiseas comhairliúcháin phoiblí a dhéanamh faoi na hábhair le háireamh sa chéad cheistneoir daonáirimh eile. Is é Grúpa Comhairleach an Daonáirimh, le hionadaithe air ó ranna Rialtais, údaráis áitiúla, comhlachtaí poiblí, na comhpháirtithe sóisialta, ollscoileanna agus forais taighde, maille le pearsanra na hOifige, a dhéanfaidh iniúchadh ar na haighneachtaí a fuarthas sa bhliain 2017, agus a bhreithneoidh ceistanna nua nó athruithe ar na ceistanna reatha do Dhaonáireamh 2021.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Príomh-Oifige Staidrimh as ucht a ngairmiúlachta agus a dtiomantais don fheabhsú agus don nuálaíocht, ar féidir iad a fheiceáil ina ndíocas chun bealaí níos fearr a thaiscéaladh chun léargais staitistiúla a sholáthar faoi shochoaí agus faoi gheilleagar na hÉireann i gcomhair raon leathan úsáideoirí.

Tá mé ag súil go mór le bheith ag obair leis an Phríomh-Oifig Staidrimh thar an bhliain seo romhainn.

Joe McHugh, T.D.

**Príomh-Aoire an Rialtais agus
Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh
Bealtaine 2018**

Réamhrá

ón Ard-Stiúrthóir



Seo chugat an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn an Ráitis Straitéise 2016-2019. Foilsíodh an Straitéis den chéad uair i mí na Nollag 2016, agus leasaíodh í i gcomhréir leis na hoibleagáidí faoi Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 tar éis cheapacháin Aire Stáit nua i mí Bealtaine 2017. Ba mar chuid den phróiseas athbhreithnithe a rinne mé iniúchadh ar an Ráiteas Straitéise 2016-2019 chun ar léiríodh ann go fóill an treo straitéiseach agus na haidhmeanna leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, lena n-áirítear ár dtiomantas chun tacú le forbairt an chórais staidrimh i gcoitinne in Éirinn. Táimse sásta go dtagann na gníomhaíochtaí a dtugtar achoimre orthu lenár bhfís cheannasach agus dhinimiciúil don Oifig agus do thodhchaí staidreamh oifigiúil in Éirinn.

Is cúis áthais dom chun deimhniú a thabhairt go ndearna an Oifig dul chun cinn tábhachtach i leith na spriocanna straitéiseacha faoi mar a leagadh amach sa Ráiteas Straitéise 2016-2019 iad.

Is feidhm lárnach den Oifig é ár gclár oibre staidrimh a sheachadadh i gcónaí, agus chuireamar amach 345 eisiúint agus foilseachán i rith na bliana 2017.

Ba i rith na bliana 2017 freisin a chuir an Oifig tús leis an bpróiseas chun réimse táscairí geilleagracha nua a fhorbairt, arna moladh ag an nGrúpa um Athbhreithniú Staidrimh Gheilleagraigh chun léargais níos fearr a sholáthar faoin ngníomhaíocht gheilleagrach intíre. Ba é an chéad cheann díobh siúd a foilsíodh ná an táscaire leibhéil nua Ollioncam Náisiúnta (OIN*) thiar i mí Iúil 2017. Is ionann an cineál seo faisnéise oibiachtúla ar ard-chaighdeán, atá saincheaptha do chúinsí na hÉireann agus lena dtugtar léargas agus eolas faoin tuiscint is fearr agus is féidir faoinár staid eacnamaíoch, agus an cineál táirge beacht a theastaíonn ón Oifig a chruthú chun cuidiú le treorú forbairt na hÉireann sa toadhcháil.

Shaothraigh an Oifig faoi ullmhúcháin d'fhorfheidhmiú an Rialacháin Ghinearálta nua maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i rith na bliana 2017. Baineann impleachtaí leis an rialachán seo, a thiocfaidh i bhfeidhm i mí Bealtaine 2018, don chaoi ina láimhseálann an Oifig sonraí pearsanta agus do dhearadh próiseas gnó nua. Is comhlánú atá sa saothar seo, agus luíonn sé go maith le prionsabail an slándála sonraí agus na rúndachta atá mar bhonn taca faoi na gníomhaíochtaí go léir ag an Oifig; agus léirítear ann na riachtanais reachtúla reatha san Acht Staidrimh 1993.

B'éochair-ábhar fócais don eagrais sa bhliain 2017 é an claochlú chun úsáid na bhfoinsí sonraí reatha, go príomha sealúchais sonraí ó fud na seirbhíse poiblí i gcoitinne, chun an t-ualach freagartha a laghdú agus chun réimse fianaise níos leithne a sholáthar chun tacú leis an gcinnteoireacht fheabhsaithe agus níos eolaí, agus tacaíodh leis an ábhar sin le fás leanúnach de Rannán a bhí saintiomanta don chuspóir úd.

Le linn 2017, bhronn an Phríomh-Oifig Staidrimh cead ar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim chun leas a bhaint as suaitheantas comhlíontachta Chód Cleachtas Chóras Staidrimh na hÉireann (ISSCoP), an chéad eagrais rannpháirteach i gCóras Staidrimh na hÉireann chun an caighdeán seo a bhaint amach.

Seoladh aip nua "ainmneacha leanaí" i mí na Nollag 2017, agus gineadh spéis phoiblí shuntasach agus aiseolas dearfach leis. Is é seo an ceann is déanaí de shraith tionscnamh dírithe ar shaoránaigh, lena n-áirítear úsáid fhormhéadaithe na ngrafaicí faisnéise, na bhfíseán faisnéise agus na n-aipeanna staitistiúla, ar thug an Oifig faoi le dhá mhí dhéag anuas; agus a bhí deartha chun úsáid na sonraí staitistiúla a shíneadh agus chun foinsí staitistiúla a chur ar fáil ar bhealach ní b'inrochtana

agus ní b'ábhartha do lucht léitheoireachta ní ba leithne. Ghlacamar leis an gcur chuige sin chun freagairt don éileamh méadaithe ar eagrais "neamhchlaonta" ar nós an Oifig chun an saoránach a chumasú le faisnéis chruinn iontaofa; agus chun feasacht faoin mbranda a thógáil mar sholáthróir fíricí neamhchlaonta agus neamhspleách, ionas gur féidir an comhrá, an díospóireacht agus an tuairimíocht a mhúnlú.

Is cuid den bheartas sin é ár n-aitheantas físiúil nua. Dearadh an t-aitheantas chun cur chuige nua-aimseartha agus inrochtana do chumarsáid agus do scaipeadh na staidrimh oifigiúil a léiriú, agus ár ról údarásach, neamhchlaonta agus tábhachtach a chothabháil chun faisnéis ríthábhacht don chinnteoireacht a sholáthar don Rialtas, don lucht gnó agus don phobal taighde.

Bíonn sí mar aidhm againn i gcónaí chun réimse níos

forleithne d'fhaisnéis ar ardchaighdeán, neamhspleách agus oibiachtúil a sholáthar faoin athrú sochaíoch agus geilleagrach. Is chuige sin nach foláir dúinn eagrais nuálaíoch, solúbtha, dinimiciúil agus ardfheidhmíochta a chruthú, agus rinneamar dul chun cinn iontach ina leith sin i rith na bliana 2017. Ní bhíonn na hathruithe sin indéanta ach amháin le tacaíocht leanúnach ó bhaill foirne ghairmiúla, dhíograiseacha agus inoiriúnaithe na hOifige; agus gabhaim buíochas dílis leo as ucht a saothair.

Pádraig Daltún



Ard-Stiúrthóir
Bealtaine 2018

Ár gCuspóirí Straitéiseacha

1.

1. Eolas agus faisnéis do gach duine a dhéanamh de shonraí agus staitisticí

Cuspóir Straitéiseach 1.		Dul chun cinn sa bhliain 2017
Eolas staitistiúil atá tráthúil, ábhartha agus beacht a sheachadadh	Ár gclár oibre staidrimh leathan a sheachadadh	<ul style="list-style-type: none">• Foilsíodh 345 foilseachán agus eisiúint sa bhliain 2017 (287 eisiúint agus 58 foilseachán).• Áiríodh leis na táirgí nua a eisíodh sa bhliain 2017 Anailís ar Thuilleamh ach leas a bhaint as Foinse Sonraí Riaracháin 2011 – 2014, Praghsanna Talún Talmhaíochta, Ídiú Uisce Phoiblí Teaghlaigh Mhéadraithe 2015, Tuilleamh Stairiúil, Infheistíocht Dhíreach Choigríche in Éirinn - (Taiscéaltar leis an taighde nua an domhandú in Éirinn), Staitisticí Eitlíochta Ráithiúla, Fóirdheontais Chomhshaoil agus Aistriúcháin Chomhchosúla 2015, Cóireálacha Déidliachta arna Maoiniú ag FSS, Ídiú Gáis Lionraithe 2016 agus Suirbhé ar Úsáid Fuinnimh sa Lucht Ghnó 2013.• Tháinig laghdú faoi 38.6% ar an mBaraiméadar Ualaih Freagartha (RBB) don bhliain 2016 nuair a rinneadh tomhas air i gcoinne na buaicbhliana sa bhliain 2008. Is slat tomhais atá sa RBB ar an ualach riaracháin iomlán a chuirtear ar fhiontair agus gabháltas talmhaíochta Éireannacha ó shuirbhéanna na Príomh-Oifige Staidrimh nuair a ríomhtar é ar bhunús an chomhlíonta iarbhír.• Tar éis comhphléití leis an nGarda Síochána, chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh siar foilsiú na staitisticí maidir le Coireacht Thairfeadta mar gheall ar chinneadh an Gharda Síochána chun a n-athbhreithniú ar shonraí dúnbhásaithe a shíneadh. Tá an Oifig ag coinneáil uirthi ag saothrú leis an nGarda Síochána chun iontaofacht na sonraí a fheabhsú, agus coinneoidh sí uirthi leis an anailís sin ag eatrainmh rialta chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí.

Léargas níos fearr a sholáthar ónár n-aschur staitistiúil trí chumarsáidí feabhsaithe lena n-áirítear léirshamhlú agus nascáil le haschur eile staitistiúil

- Tháinig méadú ar úsáid na ngrafaicí faisnéise chun léargas níos mó a thabhairt ar ár staitisticí i measc na limistéar téamach go léir; Daoine agus an tSochaí, Daonáireamh, Margadh Saothair, Earnálacha Gnó agus Geilleagar.
- Tá méadú nach beag tar éis teacht ar úsáid na n-uirlisí léirshamhlaithe agus ar a bhfeidhmeanna úsáideoirí chun an chumarsáid a fheabhsú. Táthar tar éis stíl grafaicí faisnéise nua a fhorbairt, agus táirgeadh ní ba mhó ná 60 acu chun tacú le cumarsáid na dtáirgí staitistiúla – áirítear leis na samplaí: Praghsanna Tithe de réir Éirchóid; Mótair is mó tóir in Éirinn; Áiritheoir um Boilsciú sa Phraghasinnéacs Tomhaltóirí; suíomh gréasáin Sonraí Oscailte an Daonáirimh; Iomlaoid Post de réir aoise agus gnéis a thaiscéaladh; Staidreamh Daonra um Cheantair Bheaga ón Daonáireamh 2016; agus Ainmneacha Leanaí.
- Táthar tar éis físeáin bheochana faoi ábhair ar nós míniú a thabhairt faoin éagsúlacht idir an Meán agus an tAirmheán, an tInnéacs um Praghsanna Tithe do Thomhaltóirí agus tionscadal turasóireachta molta um fhón póca an CSO a eisiúint.
- Tá sonraí san bhfoilseachán Breatimeacht: Éire agus an Ríocht Aontaithe i bhfigiúirí faoi chaidreamh na hÉireann leis an Ríocht Aontaithe le haghaidh: Trádáil in earraí; Trádáil i seirbhísí; Fostaíocht, Imirce; Taisteal amach (go dtí an Bhreatain Mhór); agus Taisteal isteach (ón mBreatain Mhór).
- Foilsíodh tionscnaimh feasachta staitistiúla ar an suíomh gréasáin sa bhliain 2017 lenar áiríodh: Staitisticí faoi Chluichí Ceannais Éireann an CLG; Lá na Máithreacha agus Lá na nAithreacha; ceann scríbe na nÉireannach dá laethanta saoire; agus Oíche Shamhna. Ina theannta sin, cuimsíodh ní ba mhó ná 30 ábhar le mír raidió sheachtainiúil ar Newstalk faoi staitisticí.
- D'éagraigh an Rannán Scaipthe & Cumarsáide Comhdháil Fhóram Tíreolaíochta agus Staidrimh na hEorpa i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 2 agus 3 Samhain. Seoladh tionscadal comhpháirtíochta mór idir an Oifig agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann ag an gComhdháil - tairseach tuairiscithe na hÉireann faoi Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Baineann Rannóg Staidrimh na Náisiún Aontaithe, an chuideachta Esri GIS, mar aon le Meicsiceo, na hOileáin Filipíneacha, Catar, an Afraic Theas agus an tSeineagáil leis an gcomhshaothrú idirnáisiúnta seo freisin.
- D'éagraigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an 6ú Seimineár Sonraí Riaracháin – Dearcadh Leathan ar Staitisticí Comhshaoil sa bhliain 2017. Éagsúlacht gníomhaireachtaí a rinne curtha i láthair agus a d'fhreastail ar an ócáid seo.

	<p>Inniúlacht inmheánach a chothú le freagairt níos éifeachtúla do na riachtanais sonraí atá ag úsáideoirí</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tugadh isteach beartais nua san Oifig maidir le Rochtain ar Mhíreashonraí; Cumhdach Leanaí agus Bailiú Staitisticí; Atheagrú; agus maidir le Tuairisciú agus Bainistiú Sáruithe Slándála sa bhliain 2017. • Ghnóthaigh Éire an chéad áit i Suirbhé Aibíochta maidir le Sonraí Oscailte an Choimisiúin Eorpaigh sa bhliain 2017. Ba mhór an cúnamh é go bhfoilsítear sonraí go léir na hOifige ar an TaisceSonraí agus go mbaintear gach eolas atá in airde ar StatCentral le húsáid ar Thairseach Sonraí Oscailte na hÉireann data.gov.ie agus ar Thairseach Sonraí na hEorpa https://www.europeandataportal.eu/. Cuireann sé sin le hinfhionntacht na hOifige go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Foilsítear sonraí na hOifige faoi cheadúnas sonraí oscailte agus in ilfhormáidí sonraí oscailte, rud a chiallaíonn gurb infhaighte go saor iad agus gurb inrochtana go saor iad do dhaoine agus d'innill araon, agus níos tábhachtaí ó chomhthéacs sonraí oscailte. Tá an Oifig ag coinneáil ar aghaidh leis an nuálaíocht sa limistéar seo, agus tá sí ag súil le sonraí an TaisceSonraí a fhoilsiú mar shonraí oscailte nasctha sa bhliain 2018. • Shínigh an Phríomh-Oifig Staidrimh comhaontú Eurostat i gcomhair tionscadail staitisticí oscailte nasctha sa bhliain 2017. Is í an aidhm leis an tionscadal chun cumarsáid agus scaipeadh staitisticí Eorpacha a nuachóiriú. Gnóthófar an tionscadal seo ach táirgí agus seirbhísí scaipthe nuálaíocha a fhorbairt i bhformáidí sonraí oscailte nasctha, agus tá sé dlite lena sheachadadh sa bhliain 2019.
<p>Réimse ár dtáirgí agus seirbhísí staitistiúla a fhairsingiú</p>	<p>Tacar feabhsaithe aschuir a fhoilsiú ó Dhaonáireamh 2016</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Foilsíodh dhá achoimre agus 11 thuarascáil théamacha ón Daonáireamh i gcomhréir leis an sceideal pleanáilte. Ba iad na tuarascálacha téamacha ná: 1. Tithíocht in Éirinn; 2. Dáileadh agus Gluaiseachtaí Daonra; 3. Próifíl Aoise na hÉireann; 4. Líonta Tí agus Teaghlaigh; 5. Daoine gan Dídean in Éirinn; 6. Comaitéireacht in Éirinn; 7. Imirce agus Éagsúlacht; 8. An Lucht Siúil, Eitneachas agus Creideamh; 9. Sláinte, Míchumas agus Cúramóirí; 10. Oideachas, Scileanna agus an Ghaeilge; agus 11. Fostaíocht, Slite Beatha agus Tionsclaíocht. • Sheol an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann suíomh gréasáin nua um Shonraí Oscailte leis an aidhm chun faisnéis tíreolaíochta agus staitistiúil a fháil faoi lámha chinnteoirí na hEarnála Poiblí agus ghrúpaí na Sochaí Sibhialta. Tá an suíomh seo mar chuid d'ardán GeoHive faoi stiúir na Suirbhéireachta (http://www.geohive.ie) agus tá sé ar fáil ag http://census2016.geohive.ie/. Is tríd an suíomh gréasáin nua seo a chuirtear Staidreamh Daonra um Cheantair Bheaga (a chéadeisíodh ón Oifig an 27 Iúil 2017) ar fáil i bhformáidí Sonraí Oscailte geographacha den chéad uair riamh. • D'aontaigh an chomh-aireacht go reáchtálfaí Daonáireamh na hÉireann sa bhliain 2021.

		<ul style="list-style-type: none"> • Osclaíodh comhairliúchán poiblí faoi ábhar an cheistneora do Dhaonáireamh 2021 i mí Lúnasa. Is iondúil go dtéann an Phríomh-Oifig Staidrimh i gcomhairle leis an bpobal agus le leasghrúpaí roimh an daonáireamh faoi na hábhair le háireamh i gceistneoir an daonáirimh. Óir gur stiúradh daonáireamh na bliana 2016 mar dhaonáireamh gan athrú, seo é an chéad chomhairliúchán faoi ábhar an cheistneora daonáirimh ón mbliain 2008 i leith. Déanfar na haighneachtaí a achoimriú agus a thíolacadh don Ghrúpa Comhairleach Daonáirimh dá bhreithniú. • Chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh torthaí na tuarascála 'Daonáireamh 2016: Tithíocht in Éirinn' i láthair don Chomhchoiste um Thithíocht, Pleanáil, Pobal agus Rialtas Áitiúil.
	<p>Aschur ar chuntais fuinnimh agus timpeallachta a mhéadú agus a fhorbairt</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Áiríodh leis na táirgí nua a eisíodh sa bhliain 2017 Fóirdheontais Chomhshaoil agus Aistrithe Comhchosúla 2015, Ídiú Gáis Líonraithe 2016 agus Suirbhé um Úsáid Fuinnimh sa Ghnó 2013.
	<p>Ár staitisticí maicreacnamaíocha a fhorbairt chun tuilleadh eolais a sholáthar ar gheilleagar intíre na hÉireann</p>	<ul style="list-style-type: none"> • D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh torthaí ó na Cuntais Ráithiúla Náisiúnta agus Comhardú na nÍocaíochtaí do Ráithe 1 2017 agus don Bhliain 2016 lenar áiríodh meastacháin tosaigh do tháscairí nua arna moladh ag an nGrúpa um Athbhreithniú Staidrimh Gheilleagraigh (ESRG). • Is é atá iontu seo ná táscaire modhnaithe ar mhéid foriomlán an gheilleagair (OIN*) agus táscaire modhnaithe ar éileamh iomlán intíre ina ndírítear ar ghníomhaíocht laistigh de gheilleagar na hÉireann. Dearadh na táscairí modhnaithe sin chun tionchair shuntasacha ón domhandú a eisiáimh a théann i bhfeidhm go díreireach ar thorthaí geilleagracha na hÉireann. Thug an Oifig agus an Banc Ceannais cur i láthair do Choiste an Oireachtais um Fhormaoirsiú Buiséid faoi na táscairí geilleagracha leasaithe úd.
<p>Ábharthacht na sonraí a chinntiú agus a n-úsáid a chur chun cinn</p>	<p>Riachtanais custaiméirí a shainaithint agus freastal orthu go réamhghníomhach</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh suirbhé ar úsáideoirí, leis an gcuspóir chun léargas ní ba dhóimhne a fháil ar éilimh chustaiméirí agus ar úsáid do tháirgí agus seirbhísí na hOifige. Tá an Oifig ag meastóireacht an aiseolais agus ag ionchuiamsiú bearta lena straitéis chumarsáide.
	<p>Feabhas a chur ar chumarsáid agus rochtain ar ár dtáirgí staitistiúla agus a n-úsáid a chur chun cinn</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ba thiar sa bhliain 1996 a cuireadh suaitheantas reatha na Príomh-Oifige Staidrimh i bhfeidhm, agus tá athrú ó bhonn tar éis teacht ar mhodhanna cumarsáide na hOifige ó shin i leith. Anois, áirítear limistéir ar nós foilseachán digiteach, uirlisí léirshamlaithe, aipeanna, físeáin agus na meáin shóisialta. B'éigean an suaitheantas reatha a athrú sa ré dhigiteach seo, chun teacht ar spriocghrúpaí nua agus chun ceangal leo, agus chun comhshaoil athraitheach na cumarsáide a léiriú. Cuireadh tús leis an saothar maidir le hathbhrandáil i mbliana, agus seolfar suaitheantas nua i mí Eanáir 2018.

		<ul style="list-style-type: none"> • Sheol an Phríomh-Oifig Staidrimh uirlis léirshamhlaithe nua ar shuíomh gréasáin príomha na hOifige, sin é Táscairí Breatimeachta: Éire agus an Ríocht Aontaithe i bhfigiúirí.
	<p>Úsáid micreashonraí ar mhaithe le taighde staitistiúla a éascú tuilleadh</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Sheol an Phríomh-Oifig Staidrimh réiteach um Rochtain Chianda ar mhicreashonraí do thaighdeoirí i mbliana. Is forbairt iontach mhór don Oifig í sin i dtéarmaí an tseirbhís don phobal taighde a fheabhsú, maille le cosaint a thabhairt do rúndacht agus slándáil na sonraí.



Cur le húsáid foinsí tánaisteacha sonraí lena n-áirítear sonraí riaracháin agus Mórshonraí

Cuspóir Straitéiseach 2.		Dul chun cinn sa bhliain 2017
Cuir le húsáid foinsí tánaisteacha	Leas a bhaint as sonraí riaracháin i gcónaí chun staidreamh oifigiúil a sholáthar	<ul style="list-style-type: none">• Coinníonn an Phríomh-Oifig Staidrimh uirthi ag sainaitheint agus ag fáil foinsí sonraí nua. Tá 99 sreabhadh sonraí ann faoi láthair, ar cinn nua ocht gcinn acu.• Leanadh ar aghaidh leis an saothar faoi thorthaí fréamhshamhlacha SILC a fhorbairt ach leas a bhaint as an gClár Ioncaim.• Leanadh ar aghaidh leis an saothar chun Clár Réadmhaoine fréamhshamhlach a fhorbairt.• Eisíodh Anailís ar Thuilleamh ag baint leas as Foinsí Sonraí Riaracháin 2011-2014 an 9 Feabhra. Is iad na foinsí as a mbaintear leas ná Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh (QNHS) de chuid na hOifige agus comhad P35 na gCoimisinéirí Ioncaim.
	Acmhainneacht Mórshonraí ó thaobh staidreamh oifigiúil a thiomsú de a iniúchadh agus leas a bhaint astu dá réir	<ul style="list-style-type: none">• Tá an saothar fós ar siúl maidir le rochtain a idirbheartú do shonraí fón póca.• Cuireadh tús le tionscadal sa bhliain chun na lúbshonraí féideartha ón trácht a fuarthas ó Bonneagar Iompair Éireann a imscrúdú chun cuspóirí staitistiúla.
	An Bonneagar Sonraí Náisiúnta (NDI) a úsáid chun táirgí staitistiúla nua agus cinn feabhsaithe a fhorbair	<ul style="list-style-type: none">• “Áireamh ar dhaonra riaracháin” agus “Clár ioncaim riaracháin” a chur ar aghaidh sa bhliain 2017. <p>Tionscadail Pathfinder a forbraíodh sa bhliain 2017.</p>

Cuspóir Straitéiseach 3.		Dul chun cinn sa bhliain 2017
Inniúlacht a chothú inár ndaoine	<p>Cultúr d'fhoghlaim leanúnach agus d'fhorbairt ghairmiúil a chur chun cinn chun a chinntiú go n-oibríonn baill foirne ar bharr a gcumais agus go bhfuil páirt ghníomhach acu i spriocanna na hOifige a bhaint amach</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Rolladh amach an oiliúint éigeantach sa bhliain 2017 i ndáil le bainistiú na tearcfheidhmíochta, oiliúint um fheasacht slándála TF, um Shamhail Chineálach Staidrimh um Próisis Ghnó (GSBPM) agus um an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí. • Shaothraigh le Onelearning faoi fhorbairt samhla agus cláir sheachadta mar chuid den Chomhshamhail Oiliúna Foghlama nua (LMS) don Státseirbhís. 60 cúrsa, arna n-athbhreithniú agus arna dtreothástáil agus ar fáil anois d'fhoireann na hOifige, conarthaí sínithe do Chóras TF. • Creatlach Oiliúna Staitistiúil (STF) críochnaithe, 13 ceannteideal le tuairisceoirí ag Bonnleibhéal, Idirmheánach agus Ardleibhéal ailínithe le GSBPM. • Comhlánú an Chláir Scileanna ag 73% don bhliain 2017, agus lenar áiríodh ceannteidil agus tuairisceoirí leibhéil don Chreatlach Oiliúna Staitistiúil. • Tháinig méadú ar líon na n-iarratasóirí Aisíoc Táillí (ROF) ó 43 sa bhliain 2016 chuig 103 sa bhliain 2017. • An chóitseáil agus Samhail GROW, clár a cuireadh ar fáil do gach bainisteoir líne idir Ghráid an Bhoird Bainistíochta agus Oifigigh Feidhmiúcháin. • Chuathas i ngleic ní b'fhorleithne leis an ISS trí chúrsaí fógraíochta/láithreoireachtaí/cruinnithe faisnéise, ionchur sa STF, comhlánú an Chláir Scileanna srl. • Forbraíodh teagmhálaithe láidre leis na hInstitiúidí Tríú Leibhéal.
	<p>Feidhm acmhainní daonna straitéiseach a chothú chun teacht go hiomlán le riachtanais gnó na hOifige agus iad ag athrú</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Críochnaíodh plan lucht saothair 2017-2019 na Príomh-Oifige Staidrimh agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é tar éis comhairliúcháin leathan leis na Cinn Rannáin agus leis an mBord Bainistíochta.

		<ul style="list-style-type: none"> • Cuireadh moill leis an mbeartas straitéiseach um acmhainní daonna ar feitheamh fhoilsiú na Straitéise Daoine don Státseirbhís i mí Mheán Fómhair 2017. • Rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh treoirthástáil ar Chéim 1 den Scéim Soghluaisteachta ar fud na Seirbhíse (SWMS) sa bhliain 2017, agus thapaigh 1 ball foirne amháin an deis. Beidh an scéim lán-oibríochtúil ó 15 Márta 2018 ar aghaidh. • Méadaíodh clár fála tallainne na Príomh-Oifige Staidrimh sa bhliain 2017 ón mbéim a bhain leis sa bhliain 2016 le haird ar scileanna anailíseacha staidrimh/sonraí chun tionscadail a áireamh i limistéir ar nós na teicneolaíochta, na n-ilmheán, an dearaidh ghrafaigh agus GIS. Is leis an gclár sin a chumasaítear an Oifig chun foireann a earcú ar bhunús conarthaí sealadacha, ar féidir leo comhshaothrú leis an Oifig agus ar fud réimse leathan ranna Rialtais, ag cur na fianaise agus na hanailíse láidre ag croí phróisis chinnteoireachta an Stáit agus ag feabhsú torthaí na saoránach. Táthar tar eis próifíl na hOifige mar rogha fostóra sa réimse staidrimh/anailíseach a mhéadú leis an gclár freisin. Bhuaigh sé Duais don Fheabhas agus don Nuálaíocht sa Státseirbhís sa chatagóir um Fheabhas sna Daoine, Scileanna agus Forbairt Eagrúcháin sa bhliain 2017. • Samhail bhuiséadaithe nua a fhorbairt chun tacú leis an bpleanáil níos fearr agus le measúnú na roghanna do sheachadadh seirbhísí -an chéad chéim forbartha, i bhfeidhm agus in úsáid. Gnóthófar luach gnó méadaithe breise ó fheidhmeanna acmhainní daonna agus airgeadais sa bhliain 2018 trí sheachadadh samhla earcaíochta costáilte, rud a cheadófar do limistéir ghnó chun pleanáil acmhainní a ghnóthú ar bhealach éifeachtúil agus costéifeachtach.
	<p>Clár rannpháirtíochta agus nuálach foirne ar fud na heagraíochta a chur i bhfeidhm</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Is í an aidhm leis an gclár Rannpháirtíochta agus Nuálaíochta Foirne ná chun: <ul style="list-style-type: none"> o Foireann a chumasú chun tionchar a fheidhmiú ar shaincheisteanna a bhaineann leis an saothar agus leis an bhfoireann ón mbonn aníos; o Foireann a chumasú chun an chumhacht a léiriú chun saincheisteanna, smaointe agus athruithe a thabhairt aníos agus a bhrú ar aghaidh, a rachfadh chun tairbhe na hOifige; o Spéis agus úinéireacht daoine ina gcuid saothair a mhéadú; agus o Tairbhe a bhaint don Oifig chun a áirithiú go sáraíonn sé a chuid aidhmeanna

	<ul style="list-style-type: none"> • Bhí 23 Rannán sa Phríomh-Oifig Staidrimh le Foirne Rannpháirtíochta Áitiúla ag saothrú agus ag comhlánú tionscadail feabhsaithe i rith na bliana 2017. Áiríodh leis na tionscadail cruthú bunachair shonraí maidir le deiseanna fostaíochta, tionscadal cóiríochta, tionscadal um fheabhsú na cumarsáide agus na lánpháirtíochta foirne, agus tionscadal lóin agus foghlama do na baill foirne ag triail ar ardú céime. • Áiríodh leis na nithe rathúla freisin athbhreithniú agus leasú ar scéimeanna aitheanta foirne. • Tháinig méadú gan staonadh ar líon na bhfiosruithe d'Fhóram na mBall thar an tréimhse phiolótach 12 mhí, agus meastar an clár anois mar bhealach éifeachtach chun fiosruithe a ardú do phlé agus don chinnteoireacht. • Tháinig méadú suntasach leis an gclár freisin ar leibhéal na cumarsáide taobh istigh agus thar rannáin agus suíomhanna, maille le comhtháthú an lucht saothair allamuigh leis na hoifigí agus eisipéiris agus tuiscint mhéadaitheach a chomhroinnt ón dá dhearcadh. • Reáchtáladh seisiúin rannpháirtíochta le gach ball foirne in earrach na bliana 2017 (Ráiteas Straitéise) agus i mí na Nollag (Athbhrandáil)
<p>Leanúint orainn ag cruthú timpeallacht dhearfach oibre ag moladh tiomantas leanúnach don eagraíocht</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Reáchtáil an Phríomh-Oifig Staidrimh an Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhís (CSEES) sa bhliain 2017 ar fud na státseirbhíse go léir. Táthar ag próiseáil agus ag anailísiú na dtorthaí, agus múnlófar leo forbairt breise de chomhshaol oibre dearfach sa bhliain 2018.
	<ul style="list-style-type: none"> • Sa Phlean Gníomhaíochta a lean eagrán 2015 den CSEES, leagadh amach tosaíochtaí agus treo soiléir maidir le rannpháirtíocht fostaithe. Ba le hinfheictheacht agus cumarsáid na ngníomhartha úd a tugadh spreagadh do ráta freagartha ard ar eagrán 2017 den CSEES laistigh den Phríomh-Oifig Staidrimh, agus táthar ag súil go seachadfar leis tomhas cáilíochtúil nuashonraithe mar a bhfuil an Oifig i ndáil le rannpháirtíocht foirne.

- Lean an Phríomh-Oifig Staidrimh ar aghaidh ag cur chun feidhme cláir folláine don fhoireann i rith na bliana 2017. Cuireann an Oifig cultúr chun cinn ionas gur féidir cuidiú leis an bhfoireann chun roghanna stíle beatha sláintiúla a dhéanamh don mheon agus don chorp, don chothú, don aclaíocht agus don tsláinte. Táthar tar éis seisiúin faisnéise a sholáthar ó Fhoras Croí na hÉireann agus ó Fhondúireacht Marie Keating. Táthar tar éis méadú dearfach a fheiceáil sa Chlár Folláine maidir le rannpháirtíocht ón bhfoireann i ngach aon suíomh. Ailíníodh na tionscnaimh le Clár Imeachtaí na Roinne Sláinte agus mar fhreagra d'iarrais foirne. Is ríléir an t-aiseolas ón bhfoireann agus an méadú suntasach um fheasacht sláinte agus aclaíocht maille leis an mbéim mhéadaithe ar thairbhí na gníomhaíochta colanda. Tá tuiscint i measc na foirne freisin go gcuimsítear tionscnaimh folláine mar chuid dá lá oibre. Tá formheadú tuilleadh an chláir i gcomhar le coiste Sláinte & Sábháilteachta mar chuid den phlean don bhliain 2018. Tabharfar aghaidh a thuilleadh leis sin ar bhealaí dearfacha chun an comhshaol ina saothraímid a fheabhsú.

Cuspóir Straitéiseach 4.	Dul chun cinn sa bhliain 2017
